



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2016

AN BORD ATHBHREITHNITHE MEABHAIR-SHLÁINTE (AN DLÍ COIRIÚIL) MENTAL HEALTH (CRIMINAL LAW) REVIEW BOARD

An Bord Athbheithnithe (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte
Cúirt Montague
Sráid Montague
Baile Átha Cliath 2
D02 FT96
Teileafón: (01) 4768602
Ríomhphost: info@mhclrb.ie
Láithreán Gréasáin: www.mhclrb.ie

CLÁR ÁBHAR

LEATHANACH

1. Réamhrá an Chathaoirligh	3
2. Feidhm An Bord Athbhreithnithe (An Dí Coiriúil) Meabhair-Shláinte	5
3. Athbhreithnithe ag an mBord	5
4. An Cion nó An Cion Líomhnaithe is Tromchúisí	8
5. Orduithe Scaoilte Saor	8
6. Scéim um Chúnadh Dí Choiriúil don Mheabhair-Shláinte	9
7. Imeachtaí Díthiúla	10
8. Tairiscintí do Sheirbhísí Ateangaireachta ag Éisteachtaí Athbhreithnithe	10
9. An Caiteachas	11

AGUISÍNÍ

Aguisín A - Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa sna blianta 2016/2015	12
Aguisín B - Líon na nOthar Athbhreithnithe in aghaidh na Diagnóise sna blianta 2016/2015	13
Aguisín C - Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe sna blianta 2016/2015	14
Aguisín D - Líon na nÉisteachtaí sna blianta 2016/2015 in aghaidh Alt den Dí Coiriúil (Gealtacht) Acht 2006, arna leasú	15
Aguisín E - Meánlíon na gCásanna Sannta d'Ionadaithe Díthiúla ar an bPainéal um Chúnadh Dí sna blianta 2016/2015	16
Aguisín F - Líon na nOthar a Scaoileadh Saor go Coinníollach sna blianta 2016/2015	17
Aguisín G - An Cion nó an Cion Líomhnaithe is Tromchúisí	18

1. RÉAMHRÁ AN CHATHAOIRLIGH

Is cúis áthais dom in athuair chun Tuarascáil Bhliantúil an Bhoird Athbhreithnithe (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte a chur in bhur láthair. Is í seo an 10ú Tuarascáil Bhliantúil leis an mBord. Sula dtabharfaidh mé forbhreathnú ar ghníomhaíochtaí an Bhoird i gcaitheamh na bliana 2016 ba mhaith liom ar dtús moladh a thabhairt don Dr. Michael Mulcahy atá tar éis bheith ina chomhalta den Bhord ó bunaíodh é thiar sa bhliain 2006. Thug an Dr. Mulcahy le fios don Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais, Frances Fitzgerald, Uasal, T.D. i dtreo dheireadh na bliana faoina rún chun éirí as sa bhliain 2017. Tá an Dr. Mulcahy tar éis rannchur go mór le saothar an Bhoird le himeacht na mblianta. Beidh easnamh mór ann in uireasa a fheasa, a thaithí agus a shaineolais. Thar ceann a chomhghleacaithe, an Dr. Elizabeth Walsh agus Nora McGarry Uasal, agus thar mo cheannsa féin, teastaíonn uaim scor fada sona a ghuí ar an Dr. Mulcahy.

Tháinig méadú beag ar líon na n-éisteachtaí athbhreithnithe ag an mBord i rith na bliana 2016. Bhí 175 éisteacht ag an mBord, i gcomparáid le 172 sa bhliain 2015, inar athbhreithníodh coinneáil 81 othar. Deonaíodh scaoileadh saor coinníollach ar chúigear de na hothair a ndearna an Bord athbhreithniú ar a gcoinneáil. Ghnóthaigh an Bord an 24ú agus an 25ú hathbhreithniú faoi choinneáil roinnt othar freisin sa bhliain 2016.

Chomh maith le coinneáil na n-othar a athbhreithniú, bhí roinnt éisteachtaí ag an mBord a bhain le breithniú iarratas ar scaoileadh saor neamhchoinníollach a fuarthas ó othair a bhí scaoilte saor go coinníollach le 12 mí nó ní ba mhó. Fuarthas cúig iarratas den chineál sin sa bhliain 2016. Thug an Bord faomhadh do

scaoileadh saor neamhchoinníollach amháin. Diúltaíodh do thrí iarratas, agus bhí iarratasóir amháin ag feitheamh ar éisteacht dá iarratas go luath sa bhliain 2017.

Gabhaim buíochas in athuair le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalair, an tOllamh Harry Kennedy agus le foireann na síciatraithe fóiréinseacha is comhairligh, leis an bhfoireann altranais, leis na seirbhísí sóisialta agus le foireann riaracháin an ospidéal as ucht a gcúnaimh agus a gcomhoibrithe i rith na bliana. Gabhaim buíochas freisin le comhaltaí Phainéal Ionadaithe Dlíthiúla an Bhoird a fheidhmíonn mar ionadaithe na n-othar a thagann os comhair an Bhoird d'athbhreithniú a gcoinneála. Is mar thoradh ar a dtinneas nach féidir le go leor othar labhairt ar a son féin, agus tugann go leor de na hionadaithe dlíthiúla ar an bPainéal cúnamh dá gcliaint ar bhealaí a sháraíonn a sainchúram amach is amach, agus tá an Bord fíorbhuíoch as sin.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le foireann an Bhoird, An tUas. Greg Heylin, an Príomhfheidhmeannach, Catherine Hayes Uasal, agus le hAnn Casey Uasal as ucht a saothair i gcaitheamh na bliana.

Iarfhlaithe O'Neill
Cathaoirleach

Márta 2017

2. Feidhm An Bord Athbheithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil)

Ba le hAlt 11 den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006 a bunaíodh an Bord Athbheithnithe Meabhair-Shláinte (An Dlí Coiriúil), a tháinig i bhfeidhm an 27 Meán Fómhair 2006.

Is é an Bord a bhíonn freagrach as athbheithniú choinneáil na n-othar a atreoraíodh chuig lárionaid ainmnithe ag éirí as cinneadh leis na cúirteanna nach inniúil iad ar a dtriail a sheasamh nó a fuarthas ciontach i gcion de bharr na gealtachta. Is leis an mBord an chumhacht de réir Acht 2006, arna leasú, chun coinneáil leanúnach na n-othar a ordú nó chun a scaoileadh saor go coinníollach nó go neamhchoinníollach a ordú, ag féachaint do leas an othair agus don leas poiblí. Is é an Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar an t-aon lárionad ainmnithe faoin Acht.

Is é an Bord freisin a athbheithníonn coinneáil príosúnach, lena n-áirítear príosúnaigh mhíleata, a aistríodh chuig lárionad ainmnithe agus iad ag fulaingt le neamhord meabhrach. Is féidir leis an mBord a gcoinneáil leanúnach i lárionad ainmnithe nó a bhfilleadh ar an bpríosún a ordú.

Is neamhspleách go reachtúil é an Bord i gcleachtadh a fheidhmeanna.

3. ATHBHEITHNITHE AG AN mBORD

Ní foláir don Bhord a chinntiú go n-athbheithnítear coinneáil gach othar ag eatraimh nach mó ná sé mhí. Is amhlaidh dá réir arb iondúil go mbíonn dhá

éisteacht athbheithnithe ag na hothair in aghaidh na bliana, ach féadann níos mó bheith ag roinnt acu, lasmuigh de na héisteachtaí a sceidealaítear go rialta toisc gur féidir leis an mBord athbheithniú a sceidealú dá thionscnamh féin nó ach iarratas a fháil ón othar. Is féidir le Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar éisteacht a iarraidh freisin, agus is féidir leis an Aire Dlí agus Cirt agus Comhionannais treoir a thabhairt don Bhord chun athbheithniú a stiúradh i gcoinneáil príosúnaigh atá in ospidéal go neamhdheonach.

Is ionann líon na n-othar arna gcoinneáil ag an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar ag tráth ar bith faoin Acht 2006. Is féidir leis an líon sin bheith éagsúil de réir a chéile, toisc go n-aistrítear othair ón bpríosún, cé is moite de na hothair fadchoimeádta, bíodh sé lena dtailiú nó go neamhdheonach, do chúram nó do chóireáil nach bhfuil ar fáil sa phríosún dóibh. Ní féidir leis an mBord coinneáil roinnt de na hothair úd san ospidéal a athbheithniú ámh, óir gur féidir iad a aistriú ar ais go dtí an príosún sula mbíonn an éisteacht athbheithnithe acu, arb iondúil go sceidealaítear í tar éis teacht an othair chun an ospidéal.

D'athbheithnigh an Bord i rith na bliana 2016 coinneáil 81 othar, a raibh 8 nó 10% acu baineann agus 73 nó 90% acu fireann. Bhí 175 éisteacht athbheithnithe ag an mBord san iomlán, arb ionann agus méadú faoi 1½% i líon na n-éisteachtaí i gcomparáid leis an mbliain 2015 nuair a bhí 172 éisteacht ann. As na 81 othar a ndearna an Bord athbheithniú ar a gcoinneáil, bhí diagnóisiú leis an scitsifréine le 68% acu, bhí 14% acu ag fulaingt leis an neamhord scitse-mhothachtalach, agus bhí diagnóis le neamhoird ag 18% acu. Déantar comparáid idir sin agus an bhliain 2015 nuair a d'athbheithnigh an Bord an líon céanna othar, agus diagnóisiú leis an

scitsifréine ag 74% acu, 12% acu ag fulaingt leis an neamhord scitseamhothachtálach, agus 14% le neamhoird eile. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara gurb é an croíghrúpa othar i gcónaí a athbhreithníonn an Bord gach aon bhliain. (Dá dtagraítear in Aguisín A agus B).

Rinne an Bord den chéad uair an 24ú agus an 25ú hathbhreithniú ar choinneáil roinnt othar sa bhliain 2016. As na 175 éisteacht, ba é an 24ú ceann i gcás 11 acu, agus ba é an 25ú ceann i gcás amháin acu. Bhí 28% de na héisteachtaí san iomlán ag idir an 21ú agus an 25ú céim athbhreithnithe. Bhí 34% de na héisteachtaí ag idir 1ú agus 5ú céim athbhreithnithe, an céatadán céanna le hais na bliana 2015. Bhí 14 athbhreithniú nó 8% díobh siúd ag an 1ú hathbhreithniú, i gcomparáid leis an mbliain 2015 nuair a bhí 15 athbhreithniú mar sin nó 9% den iomlán ann. (Dá dtagraítear in Aguisín C).

Bhain móramh na n-éisteachtaí athbhreithnithe le hothair a cuireadh chun an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar faoi Alt 5(2) d'Acht 2006, arna leasú, tar éis dóibh bheith neamhchiontach i gcion de bhrí na gealtachta. Bhain 115 éisteacht nó 66% de líon iomlán na n-éisteachtaí sa bhliain 2016 le coinneáil othar a cuireadh faoin Alt 5(2). B'ionann an líon iomlán sa chatagóir seo sa bhliain 2015 agus 111, arbh ionann é agus 65% de líon iomlán na n-éisteachtaí. B'athbhreithnithe iad 20% de na héisteachtaí ar choinneáil othar a cuireadh faoi Alt 15(2) den Acht, ina bpríosúnaigh arna n-aistriú go neamhdheonach chuig an bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar dá gcúram nó dá gcóireáil nárbh fhéidir iad a sholáthar sa phríosún. D'fhreagair an grúpa sin do 22% de na héisteachtaí sa bhliain 2015. (Dá dtagraítear in Aguisín D).

4. AN CION NÓ AN CION LÍOMHNAITHE IS TROMCHÚISÍ

Áiríodh leis na cionta, nó leis na cionta líomhnaithe, lenar cúisíodh nó lenar ciontaíodh na hothair a choinnítear sa Phríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar sa bhliain 2016 an dúnmharú, iarracht ar dhúnmharú, an dúnorgain, ionsaí trína ndéantar díobháil choirp thromchúiseach agus an coirloscadh. As na 81 othar a athbhreithníodh a gcoinneáil ag an mBord, bhí 40 acu cúisithe le dúnmharú nó ciontaithe ann. Ba dhaoine muinteartha leis an othar móramh na n-íospartach den chion seo, nó den chion líomhnaithe. Cúisíodh 8 othar san iomlán le hiarracht ar dhúnmharú/dúnorgain/marú tríd an tiomáint chontúirteach, nó ciontaíodh iad iontu. Cúisíodh 16 othar le hionsaí trína ndearnadh díobháil/díobháil choirp thromchúiseach agus 4 acu le coirloscadh, nó ciontaíodh iad iontu. Áiríodh leis na cionta eile ionsaí gnéasach, bagairt chun marú, ciapadh, iarracht ar leanbh a fhuadach, seilbh ar sceana, seilbh ar arm tine, bagairt chun stáisiún Garda a chur trí thine, dúmhál/sracadh, iompar bagarthach agus ionsaitheach agus srianadh bréagach. (Dá dtagraítear in Aguisín G).

5. ORDUITHE SCAOILTE SAOR

I rith na tréimhse tuairiscithe, thug an Bord ceadú do scaoileadh saor coinníollach chúigear othar ón bPríomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar, i gcomparáid le seachtar sa bhliain 2015. B'ionann meánachar na coinneála san ospidéal do na hothair a scaoileadh saor go coinníollach agus 6¼ bliain. Bhain os cionn 6 mhí ar an meán leis an dá achar ba ghiorra, agus bhain meán 14 bliana leis an dá cheann ab fhaide. Ba chóir go dtabharfaí faoi deara nach foras riachtanach ná

leordhóthanach é an t-achar a choinnítear othar, ann féin, do dheonú scaoilte saor choinníollaigh. (Dá dtagraítear in Aguisín F).

Fuair an Bord cúig iarratas ar scaoileadh saor neamhchoinníollach sa bhliain 2016 ó othair a scaoileadh saor go coinníollach le (breis agus) 12 mí. Cheadaigh an Bord scaoileadh saor neamhchoinníollach amháin, dhiúltaigh do thriúr acu agus bhí iarratasóir amháin ag feitheamh ar éisteacht dá iarratas ag deireadh na bliana.

6. SCÉIM UM CHÚNAMH DLÍ CHOIRIÚIL DON MHEABHAIR-SHLÁINTE

Ní foláir don Bhord faoi réir Alt 12(1)(c) d'Acht 2006, arna leasú, chun ionadaí dlíthiúil a shannadh do gach othar a dtagann a gcoinneáil faoi athbhreithniú, mura molann an t-othar chun ionadaíocht dhlíthiúil a fhostú dá n-acmhainn féin. Ba chun na críche sin a chuir an Bord Scéim um Chúnamh (Dlí Coiriúil) don Mheabhair-Shláinte 2006 i dtoll a chéile faoinar bunaíodh painéal ionadaithe dlíthiúla. Féadann na hothair diúltú do sheirbhís aturnae shannta ón bPainéal más mian leo, agus aturnae éigin eile a iarraidh ón bPainéal, nó is féidir leo aturnae neamh-Phainéil a fhostú dá n-acmhainn féin chun feidhmiú mar a n-ionadaí ag a n-éisteacht athbhreithnithe. Ar mhaithe leis an leanúnachas, ag féachaint don chaoi a mbaineann neamhord meabhrach do na hothair, féachann an Bord chun an t-aturnae céanna a shannadh chun feidhmiú mar ionadaí othair i gcomhair éisteachtaí athbhreithnithe ina dhiaidh sin.

Bhí 24 aturnae ag tús na bliana 2016 ar Phainéal na nIonadaithe Dlíthiúla. Cuireadh beirt aturnaetha breise leis an bPainéal i gcaitheamh na bliana chun éascú d'iarratais ó othair ar mhian leo ionadaíocht a fháil ag a n-éisteacht

athbhreithnithe ón aturnae a d'fheidhmigh mar ionadaí dóibh sna himeachtaí coiriúla. D'aontaigh an Bord le hiarratas na n-othar, faoi réir an chuntair nach sannfaí na haturnaetha ach amháin chun feidhmiú mar ionadaí do na hothair úd.

Ba é 7 gcás an meánlíon cásanna a sannadh d'aturnaetha ar an bPainéal sa bhliain 2016. Sannadh 11 cás ar an meán don cheathairíl aturnaetha ag an mbarr sa bhliain 2016 i gcomparáid le 12 sa bhliain 2015. Sannadh 8 gcás ar an meán sa bhliain 2016 don dara agus don treas ceathairíl i gcomparáid le 7 sa bhliain roimhe sin. Sannadh 2 chás ar an meán don cheathairíl aturnaetha ag an mbun sa bhliain 2016. Ba é 3 an líon úd thiar sa bhliain 2015. (Dá dtagraítear in Aguisín E).

7. IMEACHTAÍ DLÍTHIÚLA

Faoi mar a tuairiscíodh anuraidh, ainmníodh an Bord mar pháirtí fógra in imeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh i gcoinne Stiúrthóir Cliniciúil an Phríomh-Ospidéal Mheabhair-Ghalar (*MC v. An Stiúrthóir Cliniciúil, An Príomh-Ospidéal Meabhair-Ghalar agus Bord Athbhreithnithe (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte (Páirtí Fógra)*). Ba é an Breitheamh Eagar a thug breithiúnas sna himeachtaí úd an 20 Meitheamh agus 25 Iúil 2016. Thaisc an t-iarratasóir achomharc chuig an gCúirt Achomhairc.

8. TAIRISCINTÍ DO SHEIRBHÍSÍ ATEANGAIREACHTA AG ÉISTEACHTAÍ ATHBHREITHNITHE

D'eisigh an Bord cúig thairiscint aonuaire i rith na bliana 2016 do sholáthar seirbhísí ateangaireachta ag éisteachtaí athbhreithnithe.

9. CAITEACHAS

B'ionann caiteachas iomlán an Bhoird sa bhliain 2016 agus €408,546. Caitheadh €100,333 de sin ar phá, €101,236 ar sholáthar cúnamh dhlíthiúil shaoir in aisce agus €206,977 ar chaiteachais eile.

Tabhair faoi deara:


Comhdhlúthú riaracháin arna ullmhú ag an gCoimisiún um Athchóiriú an Dlí ar an Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht) 2006.

Nósanna Imeachta den Bhord Athbheithnithe (An Dlí Coiriúil) Meabhair-Shláinte agus Téarmaí agus Coinníollacha na Scéime um Chúnamh Dílthiúil don Mheabhair-Shláinte (Dlí Coiriúil) 2006;

tá fáil orthu ar láithreán gréasáin nua an Bhoird (www.mhclrb.ie)

Líon na nÉisteachtaí in aghaidh na Míosa 2016/2015

Mí	Líon na nÉisteachtaí in 2016	% de 2016 lomlán	Líon na nÉisteachtaí in 2015	% de 2015 lomlán
Eanáir	11	6%	9	5%
Feabhra	16	9%	22	13%
Márta	15	9%	10	6%
Aibreán	23	13%	15	9%
Bealtaine	8	5%	18	10%
Meitheamh	18	10%	13	8%
Iúil	12	6%	18	10%
Lúnasa	14	8%	9	5%
Meán Fómhair	15	9%	11	6%
Deireadh Fómhair	21	12%	19	11%
Samhain	8	5%	20	12%
Nollaig	14	8%	8	5%
lomlán	175	100%	172	100%



Líon na nOthar a Athbhreithníodh de réir Diagnóise sna blianta 2016/2015

Diagnóis	Líon na nOthar athbhreithníodh 2016	% de 2016 iomlán	Líon na nOthar athbhreithníodh 2015	% de 2015 iomlán
Scitsifréine	55	68%	60	74%
Neamhord Scitseá-Mhothachtálach	11	14%	10	12%
Neamhoird Eile	15	18%	11	14%
Iomlán	81	100%	81	100%

Áirtear leis na Neamhoird eile:

Neamhord Dépholach

Neamhord Dúlagair Athfhillteach

Dúlagar Síceoiseach

Neamhord ar Speictream an Uathachais

Dúlagar Géar le Gnéithe Síceoiseacha

Taom Dúlagair


Siondróm Asperger

Neamh Síceoiseach de bhunadh Substantí

Neamhord Giúmair


Taom Máineach leis an tSícois

Neamhord Oiriúnúcháin



Líon na nÉisteachtaí de réir Chineál an Athbhreithnithe sna bliana 2016/2015


Saghas an Athbhreithnithe	Líon na nAthbhreithnithe 2016	% de 2016 lomlán	Líon na nAthbhreithnithe 2015	% de 2015 lomlán
An 1ú hAthbhreithniú	14	8%	15	9%
An 2ú - 5ú hAthbhreithniú	46	26%	44	25%
An 6ú -10ú hAthbhreithniú	32	18%	25	14%
An 11ú - 15ú hAthbhreithniú	18	10%	15	9%
An 16ú - 20ú hAthbhreithniú	17	10%	46	27%
An 21ú - 25ú hAthbhreithniú	48	28%	27	16%
lomlán	175	100%	172	100%



Líon na nÉisteachtaí sna blianta 2016/2015 de réir an Ailt den Acht um an Dlí Coiriúil (Gealtacht), 2006, arna leasú

Alt d'Acht 2006	Líon na nÉisteachtaí 2016	% de 2016 lomlán	Líon na nÉisteachtaí 2015	% de 2015 lomlán
Alt 4(3)	2	1%	3	2%
Alt 4(5)	9	5%	6	3%
Alt 5(2)	115	66%	111	65%
Alt 5(3)	3	2%		
Alt 15(1)	7	4%	12	7%
Alt 15(2)	36	20%	38	22%
Alt 15(5)	3	2%	2	1%
lomlán	175	100%	172	100%

Alt 4(3)	Neamhinniúil ar Phléadáil, An Chúirt Dúiche
Alt 4(5)	Neamhinniúil ar Phléadáil, Cúirt Eile
Alt 5(2)	Neamhchiontach de bharr gealtachta
Alt 5(3)	Iníúchadh & tuairisciu I ndáil le neamhchiontach de bharr gealtachta
Alt 15(1)	Aistriú deonach ón bPríosún
Alt 15(2)	Aistriú neamhdheonach ón bPríosún
Alt 15(5)	Leanúint d'aistriú deonach ón bPríosún (tar éis diúltú do chúram ná do chóireail)



**Meánlíon na gCásanna Sannta d'Ionadaithe
Dlíthiúla ar an bPainéal um Chúnadh Dí sna blianta 2016/2015**

Bliain	Líon na nIonadaithe Dlíthiúla ar an bPainéal	Meánlíon na gcásanna sannta	Meánlíon na gcásanna sannta An Cheathairíl ag an mBarr	Meánlíon na gcásanna sannta Na 2ú & 3ú Ceathairílí	Meánlíon na gcásanna sannta An Cheathairíl ag an mBun
2016	26*	7	11	8	2
2015	24**	7	12	7	3

* ag ceann na bliana (ceapadh beirt bhall breise i rith na bliana)

** ag ceann na bliana (ceapadh ball breise i rith na bliana)

Líon na nOthar a Scaoileadh Saor
go Coinniollach sna blianta 2016/2015

Mí an Ordaithe do Scaoileadh Saor Coinniollach	Líon na nOthar 2016	Líon na nOthar 2015
Eanáir		1
Márta		1
Aibreán		1
Bealtaine	2	
Meitheamh	1	
Iúil	1	2
Meán Fómhair		1
Samhain	1	
Nollaig		1
Iomlán	5	7

An Cion nó An Cion Líomhnaithe is Tromchúisí i leith na n-othar
a athbhreithníodh a gcoinneáil sa bhliain 2016

An Cineál Ciona nó Ciona Líomhnaithe	Líon na nOthar ar cúisíodh iad leis, nó a ciontaíodh faoi an chiona	
Dúnmharú ar dhuine muinteartha é an t-íospartach ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach ina raibh an t-íospartach ina stráinséir	40	25 10 5
Iarracht ar Dhúnmharú/Dúnorgan/Cúis le Bás tríd an tiomáint chontúirteach ar dhuine muinteartha é an t-íospartach/ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach ina raibh an t-íospartach ina stráinséir	8	5 3
Ionsaí díobhálach/díobhálach tromchúiseach don chorp ar dhuine muinteartha é an t-íospartach ina raibh aithne ag an othar ar an íospartach ina raibh an t-íospartach ina stráinséir	16	6 4 6
Coirloscadh	4	
Eile	13	
Iomlán	81	

Nóta:

- 1) Othair a ciontaíodh i(n), nó a cúisíodh le ní ba mhó ná cion/cion líomhnaithe amháin, a catagóiríodh de réir an chiona/an chiona líomhnaithe ba thromchúisí.
- 2) Bhain ní ba mhó ná íospartach amháin leis na cionta lenar cúisíodh othar nó inar ciontaíodh iad i gcás mhionlach na gcásanna.
- 3) Áirítear leis an gcatagóir “**Eile**” ionsaí gnéasach, bagairt chun maraithe, iarracht ar leanbh a fhuadach, seilbh ar sceana, bagairt chun stáisiún Garda a chur trí thine, ciapadh, seilbh ar arm tine, dúmhál/sracadh, iompar bagrach agus ionsaitheach agus srianadh bréagach.